Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Lúnasa 2022**
**(OR. en)**

**11856/22**
**ADD 1**

**COH 74**
**SOC 467**
**PECHE 287**
**CADREFIN 132**
**JAI 1098**
**SAN 488**
**DELACT 134**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 5503 final/IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le costais aonaid a shainiú agus méideanna a bhunú le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais le haghaidh oibríochtaí áirithe lena n-éascaítear daoine óga a lánpháirtiú i margadh an tsaothair, san oideachas agus sa tsochaí faoi chuimsiú thionscnamh ALMA (Aim, Learn, Master, Achieve - Beartaigh, Foghlaim, Máistir, Gnóthaigh) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 5503 final/IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: C(2022) 5503 final/IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.8.2022
C(2022) 5503 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann leis an***

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le costais aonaid a shainiú agus méideanna a bhunú le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais le haghaidh oibríochtaí áirithe lena n-éascaítear daoine óga a lánpháirtiú i margadh an tsaothair, san oideachas agus sa tsochaí faoi chuimsiú thionscnamh ALMA (Aim, Learn, Master, Achieve - Beartaigh, Foghlaim, Máistir, Gnóthaigh)**

GA GA

# IARSCRÍBHINN

**Coinníollacha maidir le haisíoc ranníocaíocht an Aontais le cláir de réir Airteagail 94(4) agus 95(4) de Rialachán (AE) 2021/1060 ar bhonn costais aonaid agus maoiniú nach bhfuil nasctha le costais le haghaidh oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi thionscnamh 'ALMA'**

## 1. Cineálacha oibríochtaí a chumhdaítear leis an aisíocaíocht bunaithe ar chostais aonaid agus ar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais

Oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) lena gcuirtear chun cinn cur chun feidhme thionscnamh ALMA maidir le cuimsiú gníomhach[1] (Aim, Learn, Master, Achieve – Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh) arb é is aidhm dóibh cumhacht a thabhairt do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste idir 18 agus 29 mbliana d'aois post nó printíseacht a fháil nó oideachas a atosú agus, ar an gcaoi sin, athimeascadh sa tsochaí (dá ngairtear 'oibríochtaí ALMA' anseo feasta). I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an tÚdarás Bainistíochta cinneadh a dhéanamh aois an spriocghrúpa a shíneadh chun daoine óga faoi mhíbhuntáiste idir 15 agus 17 mbliana d'aois a chuimsiú.

Tá trí chéim in oibríochtaí ALMA:

1. Ullmhúchán: cuirfear dianoiliúint agus dianchóitseáil shaincheaptha ar na rannpháirtithe ina mBallstát baile chun iad a ullmhú le haghaidh tréimhse lonnaithe ar an gcoigríoch.
2. Soghluaisteacht: caithfidh na rannpháirtithe idir dhá mhí agus sé mhí i mBallstát eile, agus iad comhtháite i dtimpeallacht oibre cuideachta nó institiúide. Ní mór 30 % ar a laghad d'fhad iomlán beartaithe na hoibríochta a bheith sa chéim sin.

[1] https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1549&langId=ga

3. Obair leantach: Tar éis dóibh filleadh, le tacaíocht leanúnach, treorófar na rannpháirtithe chun a gcuid scileanna nuafhaighte a úsáid ina mBallstát baile chun fostaíocht nó breisoideachas a fháil.

Ní bheidh feidhm ag na méideanna agus na coinníollacha sainithe maidir le cláir a shuigh a roghanna costas simplithe sonracha féin nó a scéimeanna féin maidir le maoiniú nach bhfuil nasctha le costais i gcomhréir le hAirteagal 94(2) nó le hAirteagal 95(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, faoi seach, don chineál sin oibríochtaí.

## 2. Sainiú ar na costais aonaid agus ar an maoiniú nach bhfuil nasctha le costais

Leagtar amach an sainiú ar an táscaire lena spreagtar íocaíocht, ar an aonad tomhais agus ar mhéid na gcostas aonaid i bhFoscríbhinn 1. Déantar na méideanna laethúla a chomhaireamh in aghaidh an lae féilire agus tá feidhm acu freisin maidir le rannpháirtithe a éiríonn as an oibríocht roimh am.

Leagtar amach i bhFoscríbhinn 2 na coinníollacha atá le comhlíonadh, na torthaí atá le baint amach, an t-aonad tomhais gaolmhar agus méid an mhaoinithe nach bhfuil nasctha le costais.

## 3. Coigeartú

Socraítear na méideanna le haghaidh na gcodanna sin d'oibríocht a dhéantar le linn 2022. Déanfar iad a choigeartú de réir leibhéil na bpraghsanna agus an bhoilscithe trí úsáid a bhaint as innéacsanna Eurostat sonracha an Bhallstáit don bhoilsciú bliantúil ón Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT)[2] le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin. Déanfar na méideanna a thabhairt cothrom le dáta uair amháin in aghaidh na bliana agus beidh feidhm ag an méid nua maidir leis na codanna sin d'oibríocht a chuirfear chun feidhme sa bhliain féilire nua.

[2] https://ec.europa.eu/eurostat/web/hicp/overview

# FOSCRÍBHINN 1 — Aisíocaíocht bunaithe ar chostais aonaid

**1) Sainiú ar an táscaire a spreagann íocaíocht**

Daoine óga faoi mhíbhuntáiste idir 15 agus 29 mbliana d'aois a ghlacann páirt in oibríocht ALMA.

**2) Aonad tomhais**

An líon laethanta rannpháirtíochta in aon chéim den oibríocht (céim ullmhúcháin, céim shoghluaisteachta agus céim leantach) in aghaidh an duine.

**3) Méideanna**

Tá feidhm chothrom ag na costais aonaid laethúla in aghaidh an rannpháirtí maidir le gach ceann de na trí chéim den oibríocht. Leagtar amach na méideanna sa tábla thíos agus tagairt á déanamh don Bhallstát ina gcuireann an tairbhí an oibríocht chun feidhme.

**Tábla 1 — bunchostais aonaid in aghaidh an lae (in EUR):**

| AT | BE | BG | CY | CZ | DE | DK | EE | EL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 80.53 | 77.45 | 31.92 | 59.24 | 46.37 | 77.61 | 86.91 | 50.34 | 50.80 |
| **ES** | **FI** | **FR** | **HR** | **HU** | **IE** | **IT** | **LT** | **LU** |
| 109.20 | 78.19 | 73.00 | 41.09 | 41.80 | 90.51 | 66.31 | 49.78 | 121.23 |

| LV | MT | NL | PL | PT | RO | SE | SI | SK |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 44.75 | 56.87 | 80.34 | 37.41 | 54.10 | 38.65 | 79.64 | 69.44 | 47.98 |

## FOSCRÍBHINN 2 - Aisíocaíocht bunaithe ar mhéideanna le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais

### 1) Íocaíocht bhreise do rannpháirtithe a théann chuig Ballstát lena mbaineann costais mhaireachtála níos airde

Cuirtear an breisiú laethúil i bhfeidhm, le haghaidh chéim na soghluaisteachta, ar rannpháirtithe in oibríocht ALMA atá ag caitheamh a dtréimhse oibre ar an gcoigríoch laistigh de Bhallstát lena mbaineann costais mhaireachtála níos airde ná mar atá siad sa Bhallstát ina dtarlaíonn na céimeanna eile den oibríocht. Tá feidhm ag an íocaíocht bhreise seo maidir le rannpháirtithe a théann ó Bhallstáit ghrúpa 2 agus ghrúpa 3 chuig Ballstáit ghrúpa 1 agus ghrúpa 2, faoi seach, i gcomhréir le táblaí 2 go 4 thíos.

**Tábla 2 – aicmiú na mBallstát i ngrúpaí**

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ballstát** | **Grúpa 1** | DK | FI | IE | LU | SE | | | | | | |
| | **Grúpa 2** | AT | BE | CY | DE | EL | ES | FR | IT | MT | NL | PT |
| | **Grúpa 3** | BG | CZ | EE | HR | HU | LT | LV | SI | SK | PL | RO |

**Tábla 3 (in EUR) – breisiú laethúil le haghaidh chéim shoghluaisteachta na n-oibríochtaí a dhéantar in BG, CZ, EE, HR, HU, LT, LV, PL, RO, SI agus SK**

| An Ballstát ina ndéantar oibríochtaí ALMA | BG | CZ | EE | HR | HU | LT | LV | PL | RO | SI | SK |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Céim na soghluaisteachta á déanamh i mBallstát ó ghrúpa 2 | 5.00 | 7.27 | 7.89 | 6.44 | 6.55 | 7.80 | 7.01 | 5.86 | 6.06 | 10.88 | 7.52 |
| Céim na soghluaisteachta á déanamh i mBallstát ó ghrúpa 1 | 11.86 | 17.23 | 18.71 | 15.27 | 15.54 | 18.50 | 16.63 | 13.90 | 14.36 | 25.81 | 17.83 |

**Tábla 4 (in EUR) – breisiú laethúil le haghaidh chéim shoghluaisteachta na n-oibríochtaí a dhéantar in AT, BE, CY, DE, EL, ES, FR, IT, MT, NL agus PT**

| An Ballstát ina ndéantar oibríochtaí ALMA | AT | BE | CY | DE | EL | ES | FR | IT | MT | NL | PT |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Céim na soghluaisteachta á déanamh i mBallstát ó ghrúpa 1 | 14.97 | 14.39 | 11.01 | 14.42 | 9.44 | 20.29 | 13.57 | 12.32 | 10.57 | 14.93 | 10.05 |

**2) Íocaíocht bhreise roghnach do rannpháirtithe a fhaigheann liúntas ón tairbhí**

Cuirtear na méideanna a leagtar amach i dtábla 5 thíos i bhfeidhm maidir le rannpháirtithe a fhaigheann an méid céanna mar liúntas laethúil ón tairbhí. Féadfar an íocaíocht bhreise sin a chur i bhfeidhm maidir le céim amháin, dhá chéim nó gach ceann de thrí chéim na hoibríochta. Maidir le céim na soghluaisteachta, beidh feidhm ag méid an Bhallstáit óstaigh.

**Tábla 5 - íocaíocht bhreise laethúil do rannpháirtithe a fhaigheann liúntas ón tairbhí**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **AT** | **BE** | **BG** | **CY** | **CZ** | **DE** | **DK** | **EE** | **EL** |
| 42.29 | 40.45 | 6.94 | 26.65 | 16.43 | 38.65 | 50.49 | 18.84 | 13.47 |
| **ES** | **FI** | **FR** | **HR** | **HU** | **IE** | **IT** | **LT** | **LU** |
| 24.68 | 40.90 | 37.09 | 12.01 | 9.62 | 41.96 | 28.22 | 12.47 | 59.76 |
| **LV** | **MT** | **NL** | **PL** | **PT** | **RO** | **SE** | **SI** | **SK** |
| 13.46 | 25.24 | 40.46 | 11.71 | 16.48 | 6.33 | 40.23 | 23.12 | 13.35 |

**3) Íocaíocht bhreise do rannpháirtithe rathúla**

Cuirtear breisiú laethúil i bhfeidhm le haghaidh líon laethanta rannpháirtíochta an duine aonair; faoi seach; in oibríocht ALMA maidir leis na rannpháirtithe uile a fhaigheann fostaíocht, a chláraíonn nó a fhilleann ar bhreisoiliúint, ar oideachas nó ar chlár margaidh saothair laistigh de 6 mhí tar éis dóibh oibríocht ALMA a fhágáil.

**Tábla 6 — breisiú laethúil le haghaidh rannpháirtithe rathúla de réir an Bhallstáit ina ndéantar an chéim ullmhúcháin (in EUR):**

| AT | BE | BG | CY | CZ | DE | DK | EE | EL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 6.44 | 6.20 | 2.55 | 4.74 | 3.71 | 6.21 | 6.95 | 4.03 | 4.06 |
| **ES** | **FI** | **FR** | **HR** | **HU** | **IE** | **IT** | **LT** | **LU** |
| 8.74 | 6.25 | 5.84 | 3.29 | 3.34 | 7.24 | 5.30 | 3.98 | 9.70 |
| **LV** | **MT** | **NL** | **PL** | **PT** | **RO** | **SE** | **SI** | **SK** |
| 3.58 | 4.55 | 6.43 | 2.99 | 4.33 | 3.09 | 6.37 | 5.56 | 3.84 |